Cuid 8

8

# Na hÚdaráis Áitiúla



Is leis an Údarás Áitiúil atá ceann de phríomh-chomhchaidrimh an PPN. Is trí bhíthin ionadaíocht ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a fhéadfaidh an PPN a chroíchuspóir a chomhlíonadh, eadhon, tacú lena Bhallghrúpaí a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht an rialtais áitiúil. Tá go leor de na hOibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil. Is tábhachtach go n-oibríonn an caidreamh sin go maith don PPN agus don Údarás Áitiúil araon agus gur féidir déileáil le fadhbanna ar bith go tapa agus go háitiúil, a mhéid agus is féidir.

Chun obair an PPN a bhrú chun cinn, ní mór do na hÚdaráis Áitiúla agus do na PPNanna oibriú le chéile agus caidreamh bríoch a dhéanamh lena chéile chun leasa an dá thaobh. Is é an PPN an príomhbhealach a fhaigheann Údaráis Áitiúla ionchur le haghaidh comhairliúchán lena bpobail, agus tá ról lárnach ag PPNanna maidir le bheith ag tacú le gach limistéar Údarás Áitiúil a fhorbairt.

Tá caidreamh dearfach idir PPNanna agus Údaráis Áitiúla riachtanach le go n-éireoidh leo. Is ceart do sin a bheith bunaithe ar chomhionannas agus comhpháirtíocht, agus is ceart don dá thaobh meas a léiriú ar theorannacha a chéile agus ar neamhspleáchas na PPNanna. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údarás Áitiúil trí bhíthin comhoibriú ar chomhairliúcháin lena mBallghrúpaí agus tacaíocht do thionscnaimh ábhartha Údarás Áitiúil a bheadh chun leasa a mball a spreagadh.

Is ceart do gach PPN agus do gach Údarás Áitiúil Meabhrán Tuisceana soiléir a leagan amach chun oibríochtaí agus maoiniú an PPN a rialú, agus chun soiléireacht a thabhairt maidir le teorainneacha gach páirtí (féach an sampla de Mheabhrán Tuisceana in Aguisín 13).

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna atá le bheith sa Mheabhrán Tuisceana:

- Tá PPNanna neamhspleách ón Údarás Áitiúil, i.e. níl an PPN mar eintiteas ná na hOibrithe PPN freagrach don Údarás Áitiúil agus obair an PPN á dhéanamh acu.
- Tá gach Údarás Áitiúil freagrach as tacú leis an PPN a neamhspleáchas a choimeád agus as a chinntiú go gcoimeádtar teorainneacha cuí. Is amhlaidh sin go háirithe sa chás gurb é an tÚdarás Áitiúil a fhostaíonn na hOibrithe PPN.
- Ar fud an Údaráis Áitiúil, ní mór breathnú ar rannpháirtíocht phoiblí mar ghné thábhachtach, luachmhar d'fhorbairt beartais agus de chur i bhfeidhm, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ina leith. Ní choinnítear sin laistigh den Roinn Pobail agus sin amháin.
- Leantar an nós imeachta cuí agus tuarascálacha nó tuairisceáin maidir leis an PPN á gcur ar aghaidh.

Is ceart go bhfaighidh ball foirne uile na nÚdarás Áitiúil, go háirithe iad siúd a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an PPN, oiliúint ionduchtaithe a fháil ionas go mbeidh cur amach acu ar struchtúir agus ar Phlean Oibre an PPN. Is ceart oiliúint a chur ar fáil freisin d'Ionadaithe tofa (i.e. Comhairleoirí, TDanna) ionas go mbeidh níos mó eolais acu faoi róil, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí PPNanna.

Lena chinntiú go ritheann an PPN go réidh agus leis an gcaidreamh idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil a fhorbairt, moltar go mbuailfeadh na daoine ábhartha ón PPN agus ón

Údarás Áitiúil le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad, chun réimsí a bheadh ina n-ábhair spéise agus imní don dá thaobh a phlé.

# Buiséad an PPN

€50,000 a bhí sa leithdháileadh bliantúil bunaidh do gach PPN ón Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail, agus bhí ar a laghad €30,000 le teacht ón Údarás Áitiúil. Le blianta beaga anuas, tá leithdháileadh breise déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail chun post breise d'Oibrí Tacaíochta a áirithiú. Táthar ag súil go gcuirfidh Údaráis Áitiúla forlíonadh le leithdháileadh na Roinne trí bhíthin leithdháileadh breise i gcomhréir le Ciorclán CVSP 2/2019 ón Roinn.

Is iad na hÚdaráis Áitiúla cómhaoinitheoirí an PPN. Tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le hairgead poiblí a chaitheamh. Ciallaíonn sin nach féidir buiséad an PPN a úsáid ach amháin chun tacú le hobair an PPN de réir cuspóirí an PPN, Bhunreacht an PPN, a Phlean Oibre, a Phlean Straitéisigh agus na gCiorclán ón Roinn. Níl an tÚdarás Áitiúil i dteideal míreanna caiteachais a cheadú roimh ré, seachas i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, más infheidhme.

**Ní mór don PPN an leithdháileadh maoinithe don Oibrí Acmhainní agus an leithdháileadh maoinithe breise chun an tOibrí Tacaíochta a earcú a imfhálú chun críocha an PPN agus ní ceart iad a úsáid chun aon chríocha eile.**

!

Cé go bhféadfaidh comhlacht eile é a riar, ní mór don bhuiséad sin a bheith faoi rialú an PPN. Tá an PPN saor chun iarratas a dhéanamh ar dheontais agus ar mhaoiniú breise chun tacú le hoibreacha eile arna ndéanamh i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Sa chás go bhfuil an maoiniú PPN á choinneáil i gcuntas bainc a fheidhmíonn an tÚdarás Áitiúil, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil iarraidh ar an PPN caiteachas a dhearbhú ag teacht le ghnáth-nósanna imeachta airgeadais an Údaráis Áitiúil sin. Ní fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis a iarraidh taobh amuigh de na nósanna imeachta oibrithe airgeadais sin, ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an tslí a gcaitheann an PPN a bhuiséad. Sa chás go dtagann díospóid chun cinn, déanfar í a tharchur chuig eadránaí agus íocfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil araon sciar cothrom den chostas ar fad a bhaineann leis an eadráin óna n-acmhainní féin.

Leagtar amach na téarmaí faoin n-oibreoidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil le chéile sa Mheabhrán Tuisceana. D'fhéadfadh imthosca a bheith ann ina mbeadh iarratais bhreise ag an Údarás Áitiúil don PPN agus vice versa. Is faoin PPN / Údarás Áitiúil i gceist a bheadh sé na hiarratais sin a chomhlíonadh agus aird acu ar ualach oibre agus ar Phleananna Oibre faoi seach gach ceann díobh. Ní cheadaítear don Údarás Áitiúil ná don PPN táille a iarraidh le haghaidh na hiarratais bhreise sin.

Sa chás gur Eagraíocht Óstála tríú páirtí a óstálann an PPN, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil Comhaontú Seirbhíse leis an Eagraíocht Óstála sin, ina leagfar amach na téarmaí

agus coinníollacha a bhaineann le maoiniú a bheith á sholáthar ag an Údarás Áitiúil don Eagraíocht Óstála i ndáil leis an PPN. I gcásanna áirithe, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil Comhaontú Seirbhíse leis an PPN go díreach.

Tá samplaí de Chomhaontuithe Seirbhíse in Aguisín 15.

# Foireann PPN agus Earcaíocht

Maidir le gach Oibrí PPN a earcú agus a roghnú, is ceart do Rúnaíocht an PPN agus don Oibrí Acmhainní, nuair is cuí, a bheith rannpháirteach go hiomlán i bpróiseas soiléir agus trédhearcach atá cuí chun riachtanais an PPN ar leith agus an tuairisc ghaolmhar ar phost a chomhlíonadh.

Aithnítear go bhféadfadh Oibrithe PPN a bheith fostaithe ag roinnt páirtithe leasmhara éagsúla, agus go bhféadfadh meascán de chonarthaí buana agus sealadacha a bheith i gceist, ag brath ar a gconradh fostaíochta, agus mar sin moltar go bhfostaítear Oibrithe Acmhainní agus Oibrithe Tacaíochta le bheith ag obair leis an PPN, faoi réir ag leithdháilte maoinithe, ar feadh thréimhse trí bliana ar a laghad, nuair is féidir sin. Ní chuirtear cosc ar na hOibrithe PPN leas a bhaint as deiseanna gairme eile, sa chás go dtiocfadh siad chun cinn go mbeadh spéis ag na hOibrithe PPN iontu.

In go leor cásanna, ba é an t Údarás Áitiúil a d'earcaigh agus a d'fhostaigh na hOibrithe PPN. Maidir leis an PPN a bhunú, sannadh na hOibrithe sin le bheith ag obair don PPN, agus ba mhinic gur lean siad orthu ag obair sa réimse céanna lena n-iar-chomhghleacaithe. Thuigfeá go bhféadfaidh sin mearbhall a chur ar dhaoine agus uaireanta d'fhéadfaí iarraidh ar Oibrithe PPN a bheith ag obair thar ceann an Údaráis Áitiúil taobh amuigh de raon feidhme a bpost reatha (mar Oibrí Acmhainní nó mar Oibrí Tacaíochta). Is riachtanach go léiríonn gach duine meas ar theorainneacha an tsannacháin sin agus ar neamhspleáchas na PPNanna. Tá méid mór oibre ag an PPN agus is gá ligean do na hOibrithe PPN a gcuid ama a chaitheamh ar an obair sin, de réir an róil atá acu.

Tá comhleanúnachas tábhachtach le go bhfeidhmeoidh an PPN i gceart, mar gheall go mbaineann go leor den obair ar chaidrimh a bhunú agus ar líonraí a chothú. Ach amháin sa chás go n-iarrann an tOibrí PPN a mhalairt, is ceart don Údarás Áitiúil a dhícheall a dhéanamh, faoi réir ag leithdháiltí bliantúla maoinithe, a chinntiú go bhfanann na hOibrithe PPN ina ról agus nach ndéantar iad a ath-imlonnú laistigh den Údarás Áitiúil go ceann trí bliana ar a laghad. Sa chás go mbíonn deiseanna ar fáil don Oibrí PPN tríd an Údarás Áitiúil, féadfaidh siad roghnú leas a bhaint astu trí bhíthin an ghnáth-chomórtais.

# Boird agus Coistí Údarás Áitiúil

Nuair a bhíonn ionadaí á iarraidh ag Bord nó Coiste ionadaí, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an PPN leis an mionsonraí seo a leanas:

- Teideal an Bhoird nó an Choiste
- Feidhm agus raon feidhme an Bhoird nó an Choiste
- Baill reatha an Bhoird nó an Choiste
- An tiomantas a bhfuiltear ag súil leis ó Ionadaí PPN e.g. am agus áit cruinnithe, rannpháirtíocht i bhfoghrúpaí, bheith ina stiúrthóir cuideachta, etc.
- Na scileanna ar mian leo go mbeadh ag an Ionadaí. (Tugtar ar aird: ní féidir leo a bheith ró-shrianta, e.g. ghlacfaí le "spéis sna saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus eolas orthu", ach seans nach nglacfaí le "bheith ina g(h)airmí cúraim sláinte cáilithe".)
- Cad iad na costais iníoctha.
- Srianta ar bith ar bhallraíocht ar an mBord nó ar an gCoiste, e.g. gan a bheith ina f(h)ostaí nó ina b(h)all d'eagraíocht a fhaigheann maoiniú go díreach ón mBord nó ón gCoiste (coinbhleacht leasa), nó gan a bheith ina b(h)all d'earnáil ainmniúcháin eile, e.g. feirmeoireacht a bhfuil ionadaíocht aici ar an mBord nó ar an gCoiste cheana féin, nó bheith as limistéar geografach nó cineál eagraíochta áirithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Local Link Ionadaí a lorg ó gach Ceantar Bardasach i limistéar Údaráis Áitiúil; d'fhéadfadh Comhpháirtíocht Spóirt Ionadaithe a lorg as spriocghrúpaí difriúla, e.g. daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc.
- Aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh tionchar aici ar rannpháirtíocht iomlán Ionadaí ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Cúrsaí ábhartha eile.

## Cearta agus Freagrachtaí Bhoird agus Choistí

Bíonn tionchar ollmhór ag an tslí a ndéanann an Coiste a ghnó ar éifeachtacht na hionadaíochta PPN. Ach stíl oscailte, éascaitheach a bheith aige, bíonn sé éasca do na baill ar fad a bheith rannpháirteach agus rannchuidiú. Tá na cearta agus na freagrachtaí seo a leanas ar shainchúraimí an Chathaoirligh nó an Phríomhoifigigh (nó a chomhionann).

### *Freagrachtaí an Bhoird nó an Choiste*

- Téarmaí tagartha agus nósanna imeachta / buanorduithe soiléire a leagan amach agus a chur in iúl, chomh maith le fís don Bhord nó don Choiste.
- Cruinnithe rialta a reáchtáil ag amanna agus áiteanna agus ar dhátaí a éascaíonn d'oibrithe deonacha a bheith rannpháirteach. Go hidéalach, is ceart na dátaí sin a shocrú don bhliain féilire.

- Cruinniú ionduchtaithe a thionól agus paca ionduchtaithe a thabhairt do bhaill nua chun próisis agus nósanna imeachta an Bhoird nó an Choiste a mhíniú.
- Clár oibre a leagan amach i gcomhairliúchán le baill agus a chur ar chumas na mball míreanna a chur ar an gclár oibre.
- Fógra míosa ar a laghad a thabhairt maidir le cruinnithe agus an clár oibre agus aon doiciméadúchán a bheadh le léamh a scaipeadh ar a laghad coicís roimh na cruinnithe. Dhéanfaí sin chun deis a thabhairt d'Ionadaithe PPN dul i gcomhairle a Nascghrúpa / a nGrúpa Téamach roimh an gcruinniú lena chinntiú go bhfuil go leor faisnéise ag na hIonadaithe PPN chun tuairimí eolacha a thabhairt agus chun cinntí eolacha a dhéanamh.
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú ar bhealach oscailte agus trédhearcach. A chur ar chumas gach ball rannchuidiú a dhéanamh agus meas a léiriú air, agus cultúr de bheith ag éisteacht a chothú. Is ceart go mbeadh san áireamh air sin go leor ama a thabhairt chun míreanna ar an gclár oibre a phlé agus machnamh a dhéanamh orthu, agus chun foghrúpaí a chur ar bun, más gá, chun moltaí a chur faoi bhráid an phríomh-Bhoird nó an phríomh-Choiste. Is ceart cinntí a dhéanamh ar bhealach oscailte agus trédhearcach.
- A chinntiú go gcuirtear aon choinbhleacht leasa in iúl go soiléir agus go ndéileáiltear leo go cuí.
- Gach rud a phléitear a chur san áireamh sna miontuairiscí, a mhéid agus is féidir agus laistigh de theorainneacha na rúndachta agus na cosanta sonraí. Ní chiallaíonn sin gach focal a deirtear a chur sna miontuairiscí, ach go ndéantar nóta i gceart de gach phointe a phléitear.
- Ráiteas ar Thorthaí Comhaontaithe a tháirgeadh nó a chur sna miontuairiscí ag deireadh gach cruinnithe, ráiteas is féidir a roinnt leis an Nascghrúpa / leis an nGrúpa Téamach.
- Costais taistil agus costais eile a íoc le hIonadaithe PPN go tráthúil agus de réir chaighdeán an Údaráis Áitiúil maidir le Beartas um Taisteal agus Costais (is ceart go mbeadh cóip den bheartas sin i bpaca ionduchtaithe an Ionadaí).
- Oiliúint ábhartha a thairiscint do na baill ar fad agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill maidir le doiciméid theicniúla a thuiscint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí an Bhoird nó an Choiste ar bhonn rialta agus moltaí ar bith a dhéantar de bhun an athbhreithnithe sin a bhreithniú.

### *Oibleagáidí Ionadaithe PPN mar bhaill de Bhoird nó de Choistí Údarás Áitiúil*

- Freastalóidh baill ar chruinnithe, nó sannfaidh siad duine eile le freastal ina n-áit (más féidir sin).
- Déanfaidh baill ullmhúchán cuimsitheach do chruinnithe agus beidh siad rannpháirteach go hiomlán iontu.

- Tabharfaidh baill faisnéis ar ais dá Nascghrúpaí / dá nGrúpaí Téamacha agus glacfaidh siad treoir uathu.
- Beidh ról iomlán ag baill in oibríochtaí an Bhoird nó an Choiste, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhfoghrúpaí, comhairliúcháin, etc.
- Beidh baill oscailte agus macánta agus iad ag plé leis an mBord nó leis an gCoiste. Cuirfidh siad aon choinbhleachtaí leasa in iúl.

# An Fhís le haghaidh Folláine Phobail agus an tÚdarás Áitiúil

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail áitiúil don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Déantar í a fhorbairt i gcomhairliúchán le Ballghrúpaí i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin fairsing agus cuimsitheach. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid acu mar bhonn eolais dá gcomhairliúcháin agus don ionchur ó Ionadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Baineann an próiseas chun an Fhís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt le comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sholáthar, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir.

Tá sé réimse san Fhís:

- Sláinte (Sláinte Coirp agus Meabhairshláinte)
- Eacnamaíocht agus Acmhainní
- Forbairt Shóisialta agus Phobail
- Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Dea-Rialachas
- Luachanna, Cultúr agus Brí
- Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

Mar gheall ar an éagsúlacht atá i gceist agus ar fhairsinge na gcomhairliúchán, féadfaidh an Fhís teimpléad a chur ar fáil chun rannchuidiú leis na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail le haghaidh gach limistéar Údarás Áitiúil. Is ceart don Údarás Áitiúil oibriú leis an PPN i ndiaidh dó a Fhís a fhorbairt chun comhoibriú a dhéanamh ar chomhairliúcháin a bheadh ag teacht leis an bhFís, d'fhonn dúbláil iarrachtaí agus "tuirse ó thaobh comhairliúcháin" a íoslaghdú.

# Neamhspleáchas agus Cuntasacht

Cé go n-oibríonn sé go dlúth leis an Údarás Áitiúil, is líonra neamhspleách, ar leithligh é an PPN. Is ríthábhachtach d'ionracas an PPN agus do mhuinín a Bhallghrúpaí é an neamhspleáchas sin a chothabháil. Déanfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil dea-chaidreamh oibre a fhorbairt agus a chothabháil, ar an tslí a mhínítear sa gCuid seo.

Mar chómhaoinitheoir, is príomhpháirtí leasmhar sna PPNanna é an tÚdarás Áitiúil agus tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le rialachas airgeadais agus airgead poiblí á chaitheamh.

# Réiteach Díospóidí

Is ceart gach díospóid idir an PPN agus an t Údarás Áitiúil a réiteach go háitiúil ar bhealach a léiríonn an caidreamh oibre idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus meas ar neamhspleáchas an dá thaobh.

Díospóid ar bith nach féidir a réiteach go háitiúil idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, déanfar é a tharchur chuig eadráin arna héascú ag eadránaí neamhspleách. Is trí bhíthin chomhaontú idir an Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil a roghnófar an t-eadránaí. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú i ndáil le headránaí, ceapfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail eadránaí neamhspleách. Beidh feidhm leis sin freisin maidir le headránaí ionaid a cheapadh, sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa ag an eadránaí bunaidh nó nach féidir leis feidhmiú ar chúis ar bith eile. I gcás eadrána, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil agus an PPN leath de chostais na headrána agus de chostais ghaolmhara, i.e. íocfaidh an PPN a sciar de chostas na headrána as a bhuiséad féin agus íocfaidh an tÚdarás Áitiúil a sciar óna acmhainní féin. Ní féidir leis an Údarás Áitiúil an méid sin a bhaint óna leithdháileadh don PPN.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail cinneadh faoin gceist agus is cinneadh críochnaitheach é a bheidh ceangailteach ar an PPN agus ar an Údarás Áitiúil.

